CINNEADH (AE) 2021/779 ÓN gCOMHAIRLE

an 10 Bealtaine 2021

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste um Thrádáil an Chomhaontaithe Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis na leasuithe ar Chinntí Uimh. 1/2014, Uimh. 2/2014, Uimh. 3/2014, Uimh. 4/2014 agus Uimh. 5/2014 ón gCoiste um Thrádáil chun aontachas Eacuadór leis an gComhaontú Trádála a chur san áireamh agus chun liostaí na n-eadránaithe agus na saineolaithe ar Thrádáil agus Forbairt Inbhuanaithe a nuashonrú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i dteannta Airteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Síníodh an Comhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile ("an Comhaontú Trádála") sa Bhruiséil an 26 Meitheamh 2012. I gcomhréir le Cinneadh 2012/735/AE ón gComhairle ([1]), cuireadh an Comhaontú Trádála i bhfeidhm go sealadach idir an tAontas agus a Bhallstáit agus Peiriú ón 1 Márta 2013, agus leis an gColóim ón 1 Lúnasa 2013.

(2) Leasaíodh an Comhaontú Trádála leis an bPrótacal Aontachais chun aontachas Eacuadór, a síníodh sa Bhruiséil an 11 Samhain 2016, a chur san áireamh ([2]). I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2016/2369 ón gComhairle ([3]), cuireadh an Comhaontú Trádála i bhfeidhm go sealadach idir an tAontas agus a Bhallstáit agus Eacuadór ón 1 Eanáir 2017.

(3) I gcomhréir le pointe (g)(vi) d'Airteagal 13(2) den Chomhaontú Trádála, féadfaidh an Coiste um Thrádáil dul chun cinn a dhéanamh maidir le cuspóirí an Chomhaontaithe Trádála a bhaint amach trí bhíthin modhnuithe dá bhforáiltear ann, ar modhnuithe iad ar fhorálacha eile atá faoi réir modhnuithe ag an gCoiste um Thrádáil de bhun foráil fhollasach den Chomhaontú Trádála.

(4) De bhun Airteagal 13(5) den Chomhaontú Trádála, agus aon cheann de na feidhmeanna a leagtar amach in Airteagal 13 á fheidhmiú aige, féadfaidh an Coiste um Thrádáil aon chinneadh a ghlacadh mar a bheartaítear sa Chomhaontú Trádála.

(5) Glacfaidh an Coiste um Thrádáil cinneadh, le nós imeachta i scríbhinn, chun Cinntí Uimh. 1/2014, Uimh. 2/2014, Uimh. 3/2014, Uimh. 4/2014 agus Uimh. 5/2014 uaidh a leasú.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil a bhunú, ós rud é go mbeidh an cinneadh ceangailteach ar an Aontas.

(7) Le Cinneadh Uimh. 1/2014 ón gCoiste um Thrádáil, déantar foráil maidir lena Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh de bhun phointe (j) d'Airteagal 13(1) den Chomhaontú Trádála.

(8) Le Cinneadh Uimh. 2/2014 ón gCoiste um Thrádáil, déantar foráil maidir leis na Rialacha Nós Imeachta agus leis an gCód Iompair maidir le headránaithe a ghlacadh de bhun phointe (h) d'Airteagal 13(1) agus Airteagal 315 den Chomhaontú Trádála.

(9) Le Cinneadh Uimh. 3/2014 ón gCoiste um Thrádáil, déantar foráil maidir le liostaí na n-eadránaithe a bhunú de bhun Airteagal 304(1) agus (4) den Chomhaontú Trádála.

(10) Le Cinneadh Uimh. 4/2014 ón gCoiste um Thrádáil, déantar foráil maidir le glacadh na Rialacha Nós Imeachta le haghaidh an Ghrúpa Saineolaithe ar Thrádáil agus Forbairt Inbhuanaithe de bhun Airteagal 284(6) den Chomhaontú Trádála.

([1]) Cinneadh 2012/735/AE ón gComhairle an 31 Bealtaine 2012 maidir leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile, a shíniú thar ceann an Aontais agus a chur i bhfeidhm go sealadach (IO L 354, 21.12.2012, lch. 1).

([2]) IO L 356, 24.12.2016, lch. 3.

([3]) Cinneadh (AE) 2016/2369 ón gComhairle an 11 Samhain 2016 maidir leis an bPrótacal Aontachais ar an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile, chun aontachas Eacuadór a chur san áireamh, a shíniú thar ceann an Aontais agus a chur i bhfeidhm go sealadach (IO L 356, 24.12.2016, lch. 1).

(11) Le Cinneadh Uimh. 5/2014 ón gCoiste um Thrádáil, déantar foráil maidir le Grúpa Saineolaithe a bhunú i ndáil le saincheisteanna a chumhdaítear leis an Teideal maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe de bhun Airteagal 284(3) den Chomhaontú Trádála.

(12) Chun aontachas Eacuadór leis an gComhaontú Trádála a chur san áireamh agus chun an gá le liostaí na n-eadránaithe agus na saineolaithe ar Thrádáil agus Forbairt Inbhuanaithe a nuashonrú, ba cheart Cinntí Uimh. 1/2014, Uimh. 2/2014, Uimh. 3/2014, Uimh. 4/2014 agus Uimh. 5/2014 ón gCoiste um Thrádáil a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste um Thrádáil an Chomhaontaithe Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór, den pháirt eile, a mheid a bhaineann leis na leasuithe ar Chinntí Uimh. 1/2014, Uimh. 2/2014, Uimh. 3/2014, Uimh. 4/2014 agus Uimh. 5/2014 ón gCoiste um Thrádáil, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gCoiste um Thrádáil ([4]).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Bealtaine 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

([4]) Féach doiciméad ST 7767/21 arhttp://register.consilium.europa.eu